Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Nollaig 2024**
**(OR. en)**

**16366/24**

**SOC 888**
**GENDER 255**
**SAN 681**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15976/24 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le neart a chur le meabhairshláinte na mban agus na gcailíní tríd an gcomhionannas inscne a chur chun cinn |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite a d'fhormheas Comhairle EPSCO ag an gcruinniú a bhí aici an 2 Nollaig 2024.[1]

---

[1] Cuireadh mioncheartúcháin eagarthóireachta isteach sa téacs.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le meabhairshláinte na mban agus na gcailíní a neartú tríd an gcomhionannas inscne a chur chun cinn**

**DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH**

**AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á ADMHÁIL AICI:**

1. Foráiltear sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh 'go mbainfidh gníomhaíocht an Aontais, a chomhlánóidh beartais náisiúnta, leis an tsláinte phoiblí a fheabhsú, le tinnis agus galair an duine a chosc agus le foinsí contúirte do shláinte fhisiciúil agus mheabhrach a sheachaint'.

2. Foráiltear in Airteagal 8 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh 'Ina ghníomhaíochtaí uile, go mbeidh sé d'aidhm ag an Aontas neamhionannais idir fir agus mná a dhíchur agus comhionannas eatarthu a chur ar aghaidh'.

3. Tá an comhionannas inscne agus cearta an duine i gcroílár luachanna na hEorpa. Is croíphrionsabal de chuid an Aontais Eorpaigh agus prionsabal a chumhdaítear sna Conarthaí agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh é an comhionannas idir mná agus fir.

4. Dearbhaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh go bhfuil 'ag gach duine an ceart go dtabharfar meas ar a iomláine nó ar a hiomláine choirp agus mheabhrach'.

5. Sna conclúidí a ghlac sí le déanaí, admhaíonn an Chomhairle 'go mbaineann fadhbanna meabhairshláinte le go leor cineálacha neamhionannais, mar shampla, i gcás daoine i staideanna leochaileacha, mionlaigh, grúpaí imeallaithe agus daoine faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch lena n-áirítear iad siúd atá ina gcónaí in áitreabh de chuid seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh, iad siúd atá uaigneach agus atá imeallaithe go sóisialta, leanaí agus daoine óga, daoine scothaosta, mná, daoine LGBTI[2], othair ailse, daoine faoi mhíchumas, dídeanaithe, imircigh, príosúnaigh agus daoine atá gan dídean.' De réir Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, tá sé den ríthábhacht peirspictíocht an chomhionannais inscne agus an prionsabal gan aon duine a fhágáil ar lár a áireamh sa bheartas chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannais i réimse na meabhairshláinte.[3]

6. Mar a léirítear sa Teachtaireachta ón gCoimisiún maidir le Cur Chuige Cuimsitheach i leith na Meabhairshláinte, 'is cuid lárnach den tsláinte í an mheabhairshláinte. Is staid dea-bhaile í ina n-aithníonn daoine a gcumais féin agus inar féidir leo dul i ngleic le strusanna an tsaoil agus cur le saol an phobail. Is réamhchoinníoll í an mheabhairshláinte maidir le geilleagar táirgiúil agus sochaí chuimsitheach agus téann sí níos faide ná cúrsaí aonair nó teaghlaigh'. Luaitear sa teachtaireacht gur dóchúla faoi dhó an dúlagar a bheith ar mhná le hais na bhfear. Leagtar béim inti freisin nach mór dul i ngleic leis an rochtain mhíchothrom a bhíonn ag mná agus fir ar an bhfostaíocht agus le comhroinnt mhíchothrom na bhfreagrachtaí tí agus an chúraim teaghlaigh eatarthu. Anuas air sin, cuirtear i dtreis go n-idirghníomhaíonn 'deitéarmanaint na meabhairshláinte le héagothroime reatha sa tsochaí, rud a chuireann daoine áirithe i mbaol níos airde ó thaobh drochshláinte mheabhrach de ná daoine eile'. Dá bhrí sin, 'nuair a bhíonn idirdhealú bunaithe ar inscne, bunús ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéasach, foréigean agus fuath mar chúis le drochshláinte mheabhrach, is uirlis thábhachtach coiscthe é comhionannas a chur chun cinn inár sochaithe'.

---

[2] Féach an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le straitéis um chomhionannas LGBTIQ 2020-2025 (COM(2020) 698 final)

[3] Conclúid ón gComhairle maidir leis an meabhairshláinte, 15971/23, mír 24.

7. Leagtar béim, ina theannta sin, sa Teachtaireacht ón gCoimisiún ‘gur cheart do thíortha freisin déileáil leis na dúshláin a bhaineann le cosc a chur ar fhadhbanna meabhairshláinte i bpobail leochaileacha, aitheantas luath ar shaincheisteanna meabhairshláinte a threisiú, idirghabhálacha agus tacaíocht luath a chur ar fáil, agus aghaidh a thabhairt ar na naisc idir eisiamh, éagothromaíochtaí agus meabhairshláinte trí iarrachtaí a mhéadú chun idirdhealú, fuathchaint agus foréigean a chomhrac’.

8. Mar a shonraítear trí Straitéis an Choimisiúin maidir le Comhionannas Inscne 2020-2025, tá sé ríthábhachtach ‘cur chuige déach a shaothrú maidir le bearta spriocdhírithe chun comhionannas inscne in éineacht le príomhshruthú inscne neartaithe a bhaint amach’. Luaitear freisin sa Straitéis ‘go gcuirfidh an Coimisiún feabhas ar phríomhshruthú inscne trí ghné na hinscne a áireamh go córasach i ngach céim de cheapadh beartais i réimsí beartais uile an Aontais, idir inmheánach agus seachtrach’ [aistriúchán neamhoifigiúil].'

**AGUS É Á THABHAIRT DÁ hAIRE AICI:**

9. ‘Éagothromaíochtaí a bhaineann le hinscne, eitneacht, suíomh geografach, lena n-áirítear an deighilt uirbeach-tuaithe, oideachas, aois, agus gnéaschlaonadh, féiniúlacht inscne’[4], a luaitear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte[5], ‘tá tionchar mór acu ar mheabhairshláinte an phobail,’ go háirithe i gcás na mban agus na gcailíní. Cuirtear i bhfios go láidir, sa Teachtaireacht ón gCoimisiún freisin go bhféadfaidh duine aonair a bheith páirteach, ag an am céanna, i ngrúpa leochaileach amháin nó níos mó, rud a léiríonn nach mór an t-idirdhealú, ina gcineálacha iomadúla trasnacha, a chomhrac. D’fhéadfadh tionchar mór a bheith ag na cásanna leochaileacha sin ar mhná agus cailíní a bhféadfadh a dtaithí ar an idirdhealú a bheith bainteach le roinnt tosca trasnacha, mar shampla inscne, cine, dath, bunadh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, míchumas breithe, chomh maith leis na gnéithe thuasluaite, agus ar féidir a ndeiseanna agus a ndúshláin a bheith ag brath ar theaglaim de na tosca sin.

---

4 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte, COM(2023) 298 final, leathanach 19.

5 *Ibid*.

**AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á ADMHÁIL AICI:**

10. I Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFI) 3 de chuid na Náisiún Aontaithe maidir le rochtain neamh-idirdhealaitheach ar sheirbhísí cúraim sláinte riachtanacha ardchaighdeáin, leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé saol sláintiúil a áirithiú agus an dea-bhail a chur chun cinn, lena n-áirítear an mheabhairshláinte[6], do gach duine idir óg agus aosta. Idir an dá linn, díríonn SFI 5 ar chomhionannas inscne a bhaint amach agus gach bean agus gach cailín a chumhachtú.

11. Aithnítear i gClár Oibre Gníomhaíochta Bhéising 'Mná agus Sláinte' mar cheann de dhá cheann déag de phríomhábhair imní agus luaitear ann go bhfuil sé de cheart ag mná an caighdeán is airde is féidir a bhaint amach ó thaobh na sláinte coirp agus na meabhairshláinte de araon. Deirtear ann freisin go mbíonn go leor de na riochtaí sláinte céanna ar mhná agus a bhíonn ar fhir, ach go mbíonn eispéireas éagsúil acu i leith na riochtaí sin.

12. Bunaithe ar Chreat Eorpach EDS um ghníomhaíocht ar mheabhairshláinte le haghaidh 2021-2025, cuirtear an mheabhairshláinte agus an dea-bhail i mbaol de dheasca raon leathan tosca lena n-áirítear leibhéil aonair, shóisialta agus chomhshaoil, agus lena mbaineann bochtaineacht agus díth; fiachas agus dífhostaíocht; agus foréigean agus coimhlint. Thairis sin, tá mná a bhfuil galar meabhairshláinte orthu agus atá faoi mhíchumas síceasóisialta, intleachta, cognaíoch agus néarfhorbartha ar na mná is mó atá i mbaol a n-eisiata sóisialta.

13. Mar a léiríodh i sonraí Eurofound le déanaí, i measc oibrithe, is minice a nochtar mná d'fhoréigean agus do chiapadh, lena n-áirítear ciapadh síceolaíoch agus gnéasach, ag an obair agus tuairiscíonn siad dea-bhail íseal agus cruatan airgeadais níos minice ná fir. Tá baint aige sin le ró-ionadaíocht na mban i bpoist lena ngabhann pá íseal agus dálaí síceasóisialta dúshlánacha.[7]

---

[6] Na Náisiúin Aontaithe An Roinn Gnóthaí Eacnamaíocha agus Sóisialta: Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 3.

[7] Eurofound (2023), Psychosocial risks to workers' well-being: Lessons from the COVID-19 pandemic [Rioscaí síceasóisialta do dhea-bhail oibrithe: Ceachtanna ó phaindéim COVID-19] Eurofound (2023), Psychosocial risks to workers' well-being: Lessons from the COVID-19 pandemic [Rioscaí síceasóisialta do dhea-bhail oibrithe: Ceachtanna ó phaindéim COVID-19], Suirbhé Teileafóin ar Dhálaí Oibre san Eoraip, sraith 2021, lgh. 36-38; Eurofound (2022), Working conditions in the time of COVID-19: Implications for the future, European Working Conditions Telephone Survey 2021 series, p 104 [Dálaí oibre tráth COVID 19: Suirbhé Teileafóin ar Dhálaí Oibre san Eoraip, sraith 2021, lch. 104;]; Athbhreithniú 2023 maidir le Fostaíocht agus Forbairtí Sóisialta san Eoraip, caibidil 2.

14. Bíonn dúshláin mheabhairshláinte roimh gach duine; bíonn tionchar suntasach acu ar fhir, agus lena chois sin is dóichí go bhfaighidh fir bás trí fhéinmharú. Is fir a bhíonn i gceist le beagnach 8 as gach 10 nduine a chuireann a lámh ina mbás féin (77 %). Ar an láimh eile, tá ráta na *hiarrachta* féinmharaithe níos airde i measc na mban, agus is minice orthu na galair mheabhairshláinte is bonn le smaointe agus iompraíochtaí a bhaineann le féinmharú (an dúlagar agus an imní go háirithe).[8] Ina theannta sin bíonn deacrachtaí ar leith ag na mná agus ábhair imní ar leith orthu a mhéid a bhaineann leis an meabhairshláinte, lena n-áirítear riochtaí, galair nó neamhoird a bhaineann go sonrach le mná, mar shampla an dulagar iarbhreithe; nó a thagann chun cinn níos minice i measc na mban; nó lena ngabhann fachtóirí riosca éagsúla i leith na mban; nó a thagann chun cinn ar bhealach difriúil i measc na mban agus na bhfear (mar shampla, neamhord struis iarthrámaigh). Léiríonn sé sin a thábhachtaí atá sé cur chuige inscnefhreagrúil a ghlacadh i leith na meabhairshláinte, cur chuige ina n-aithnítear freisin go bhfuil difríochtaí suntasacha inscneshonracha ann maidir leis na cúiseanna, na tosca riosca, na diagnóisí agus na siomptóim a ghabhann le deacrachtaí meabhairshláinte, lena n-áirítear neamhoird mheabhracha, chomh maith le difríochtaí a fheictear le linn galair nó neamhoird éagsúla. Ina theannta sin, is féidir le bacainní inscnebhunaithe, lena n-áirítear stiogma, steiréitíopaí inscne agus idirdhealú ar aon fhoras, bac a chur ar mhná agus cailíní, agus lena chois sin ar fhir agus buachaillí, rochtain a fháil ar sheirbhísí meabhairshláinte.

[8] Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa: An mheabhairshláinte san Aontas Eorpach, Faisnéisiú ó Pharlaimint na hEorpa 2023.

15. Bíonn tionchar suntasach ag steiréitíopaí inscne agus ag róil thraidisiúnta inscne ar shaol na gcailíní agus na mban, agus mar thoradh ar thosca áirithe mar shampla ró-obair, gach cineál foréigin (lena n-áirítear foréigean gnéasach agus foréigean inscnebhunaithe nó foréigean teaghlaigh), ciapadh, ró-ualach síceolaíoch, brú eacnamaíoch agus spleáchas, d'fhéadfadh dúlagar, ídiú , neamhord iarthrámach, neamhoird itheacháin, neamhoird úsáide substaintí, agus eile a bheith mar thoradh orthu. I bhfianaise go dtéann na tosca sin i bhfeidhm níos mó ar mhná, agus i bhfianaise riachtanais éagsúla mheabhairshláinte agus dea-bhaile na mban agus na gcailíní de gach aois, tá tacaíocht spriocdhírithe mheabhairshláinte chun torthaí meabhairshláinte a fheabhsú, chomh maith le bearta spriocdhírithe chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannais struchtúracha agus comhionannas inscne a neartú, fíor-riachtanach chun dea-bhail na gcailíní agus na mban a áirithiú ón óige go dtí an tseanaois a áirithiú. Tá gá freisin le beartais a bhfuil sé d'aidhm acu dul i ngleic le bearnaí idir na hinscní agus an t-ualach meabhrach ón obair chúraim a laghdú mar aon le tacaíocht ildisciplíneach, agus go háirithe beartais lena ndírítear ar speictream iomlán riachtanais sláinte agus cúraim na mban, lena n-áirítear seirbhísí feabhsaithe sóisialta, cúraim fhadtéarmaigh agus meabhairshláinte.

16. Tá duine ar bith atá ag fulaingt foréigean inscnebhunaithe i staid leochaileach, agus tá sé seo fíor go háirithe i gcás na mban agus na gcailíní. Aithnítear i dTreoir an Aontais maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac go bhfuil iarmhairtí díobhálacha ag foréigean teaghlaigh agus foréigean in aghaidh na mban ar a meabhairshláinte agus go bhfuil íospartaigh a ndéantar idirdhealú trasnach orthu i mbaol méadaithe foréigin. Ina theannta sin, aithnítear inti go bhfuil baol níos mó ann go bhfulaingeoidh leanaí a fheiceann foréigean teaghlaigh laistigh den teaghlach nó den aonad baile galarmheabhair, sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma araon. Cuirfidh cur chun feidhme na Treorach seo, chomh maith le hionstraimí idirnáisiúnta ábhartha eile dá dtagraítear san iarscríbhinn a ghabhann leis na Conclúidí seo, le cosaint meabhairshláinte na mban, *inter alia*, trí bhearta lena dtugtar aghaidh ar ghnéaschiapadh ag an obair, agus tríd an oiliúint agus an fhaisnéis a thairgtear do ghairmithe a bhfuil feidhmeanna maoirseachta acu san ionad oibre maidir leis an ábhar sin.

17. Léiríonn anailís ar dhea-bhail mheabhrach fhéinmheasúnaithe ar fud grúpaí daonra go dtuairiscíonn mná san Eoraip leibhéil níos ísle dea-bhaile meabhrach gan beann ar struchtúr teaghlaigh, aois, leibhéal ioncaim, tír bhreithe nó míchumas. D'fhéadfadh ról a bheith ag deitéarmanaint shóisialta na meabhairshláinte. Is príomhthoisc í an bhearna chúraim idir na hinscní atá taobh thiar den neamhionannas inscne agus den idirdhealú in aghaidh na mban agus, dá bhrí sin, tá tionchar suntasach aici ar a sláinte fhisiciúil agus ar a meabhairshláinte. Ina theannta sin, is mó an baol go bhfulaingeoidh cúramóirí gan phá, mná den chuid is mó, uaigneas agus imeallú, ar toisc mór riosca don mheabhairshláinte é.

18. Is iad na mná ag ghlacann páirt i bhformhór na hoibre cúraim agus, dá thoradh sin, is mó seans go ndéanfaidh siadsan, seachas fir, a n-am oibre íoctha a chur in oiriúint dá réir. Is é is aidhm don Treoir maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil dul i ngleic le comhroinnt mhíchothrom na bhfreagrachtaí cúraim idir fir agus mná trí chomhréiteach idir saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a éascú d'oibrithe ar tuismitheoirí nó cúramóirí iad, lena n-áirítear trí shaoire atharthachta agus trí shaoire do thuismitheoirí neamh-inaistrithe a íoctar do gach tuismitheoir. Ina theannta sin, leis an dá Mholadh ón gComhairle, maidir le hOideachas agus Cúram na Luath-Óige: Spriocanna Barcelona do 2030 agus maidir le Rochtain ar Chúram Fadtéarmach Inacmhainne ar Ardchaighdeán cuirtear chun cinn bearta chun feabhas a chur ar chúram inrochtana, inacmhainne agus ar ardchaighdeán do leanaí agus do chleithiúnaithe eile ar feadh an tsaoil. Is é is aidhm do na bearta sin an brú ar theaghlaigh a mhaolú agus comhroinnt cothrom na bhfreagrachtaí cúraim idir fir agus mná a chur chun cinn, ar mhaithe le cách. Tá sé tábhachtach feabhas a chur ar an oideachais agus an chúraim luath-óige agus an chúraim fhadtéarmaigh atá cuimsitheach, inrochtana, inacmhainne agus ar ardchaighdeán do leanaí agus do chleithiúnaithe eile ar mhaithe le meabhairshláinte na mban, a dhéanann níos mó oibre cúraim ar íocaíocht agus gan phá ná mar a dhéanann fir.

**DE BHRÍ GUR FÍOR AN MÉID SEO A LEANAS:**

19. Is féidir le mná agus cailíní, chomh maith le fir agus buachaillí, aghaidh a thabhairt ar raon dúshlán meabhairshláinte inscne-shonrach ar feadh an tsaoil. Tá dúshláin áirithe a bhaineann leis an meabhairshláinte níos forleithne i measc na mban agus na gcailíní.

20. Is féidir le huirlisí digiteacha agus leis na meáin shóisialta tionchar dearfach a bheith acu ar mheabhairshláinte, lena n-áirítear trí rochtain a sholáthar ar fhaisnéis, grúpaí tacaíochta, agus seirbhísí teiripe, ach is féidir leo tionchar diúltach a imirt freisin ar mheabhairshláinte. Tá leanaí agus daoine óga, go háirithe cailíní agus mná óga, neamhchosanta go háirithe ar chontúirtí, éifeachtaí díobhálacha inneachair ar líne mar shampla, a dhéanann dochar d'íomhánna coirp agus ábhar a ngabhann baol cibearfhoréigin leis, lena n-áirítear cibearchiapadh, mar a léiríodh sa Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac a glacadh le déanaí. D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag nochtadh do na cineálacha inneachair sin ar fhorbairt shíceolaíoch leanaí agus daoine óga, rud a threisíonn steiréitíopaí inscne agus a spreagann iompar foréigneach i leith cailíní agus ban fiú.

21. Is minic a roinneann daoine óga cuid mhór sonraí ar líne gan tuiscint iomlán acu ar a n-úsáid ná ar a n-impleachtaí. Tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar ábhair imní maidir le dearaí andúile agus meabhlacha, agus rianú iomarcach ar líne ag soláthraithe seirbhíse digití. Thairis sin, tá baol mór ann go nochtfar leanaí agus daoine óga, go háirithe mná óga agus cailíní, don bhréagaisnéis, don ionramháil agus don mhí-úsáid, chomh maith leis an bhforéigean inscnebhunaithe arna éascú ag an teicneolaíocht, lena n-áirítear cibearstalcaireacht, ciapadh gnéasach ar líne, comhroinnt neamhthoiliúil ábhair phearsanta nó ionramháilte agus seoladh íomhánna, físeáin nó ábhair eile ina léirítear baill ghiniúna gan iarraidh. Tuairiscíonn na Náisiúin Aontaithe go bhfuil 27 n-uaire níos mó seans ann go ndéanfar ionsaí ar líne ar mhná ná ar fhir.[9] Ina theannta sin, tá nochtadh luath do phornagrafaíocht, lena n-áirítear inneachar foircneach agus foréigneach, agus úsáid GenAI i gcomhthéacs mí-úsáid ghnéasach leanaí agus/nó foréigean inscnebhunaithe, ag déanamh dochar freisin do mheabhairshláinte cailíní agus ag cur le hiompar frithbhanda. D'fhéadfadh na tosca sin go léir dochar suntasach a dhéanamh do shláinte cailíní agus dá bhforbairt coirp agus meabhrach.

---

9 *Preventing Technology-Facilitated Gender-Based Violence (TF GBV) – Responding to the 2030 Agenda and "Our Common Agenda"* [Cosc a chur ar Fhoréigean Inscnebhunaithe arna Éascú ag an Teicneolaíocht – Freagairt ar Chlár Oibre 2030 agus 'Ár gComhchlár Oibre'] trí mhaolú réamhghníomhach a dhéanamh ar fhoréigean inscnebhunaithe arna éascú ag an teicneolaíocht trí dhearadh táirgí, príobháideachas agus slándáil sonraí, agus creataí dlíthiúla a fheabhsú chun ciontóirí a thabhairt chun cuntais.

22. De réir EDS, áirítear ar iarmhairtí diúltacha sláinte na meán sóisialta, go háirithe i measc cailíní sna déaga, cailliúint féinmheasa, imní, buairt, deacracht scíth a ligean agus codladh, agus scileanna cumarsáide duine le duine atá ag dul in olcas[10].

23. Ina theannta sin, de réir mar a thuairiscíonn EDS, tá meabhairshláinte agus dea-bhail níos boichte ag cailíní sna déaga i gcoitinne i gcomparáid le buachaillí. Ina theannta sin, leathnaíonn na bearnaí seo le haois, agus léiríonn cailíní 15 bliana d'aois na torthaí is measa[11]. Tuairiscíonn beagnach a dhá oiread daoine 15 bliana d'aois (13 % do bhuachaillí agus 28 % do chailíní) ná daoine 11 bliana d'aois (8 % do bhuachaillí agus 14 % do chailíní) go n-airíonn siad go bhfuil uaigneas orthu. Is fiú a thabhairt faoi deara gur féidir le steiréitíopaí inscne buachaillí agus cailíní araon a dhíspreagadh ó ábhair imní meabhairshláinte a thuairisciú.

24. Cuidíonn na meáin shóisialta le caighdeáin shaorga mhíshláintiúla áilleachta a threisiú, lena n-áirítear trí inneachar a chruthaítear nó a chuirtear in eagar go digiteach, agus trí steiréitíopaí inscne a bhuanú. Cuireann sé seo brú mór ar dhaoine óga, go háirithe mná óga, a mhéid a bhaineann lena saintréithe fisiciúla. Is ábhar mór imní don tsláinte phoiblí iad neamhoird itheacháin (mar shampla anoireicse, búilime) i measc déagóirí, go háirithe cailíní. Bíonn tionchar ag idéil aeistéitiúla neamhréadúla ar bhuachaillí freisin agus d'fhéadfadh neamhord diosmorfach coirp agus neamhoird eile a bheith mar thoradh orthu.

25. Nochtar buachaillí freisin, ó aois óg, d'oibiachtú forleathan, do ghnéasú agus d'ionadaíochtaí steiréitipiciúla cailíní agus ban ar líne, go háirithe tríd an bpornagrafaíocht nó sna meáin agus sa chultúr i gcoitinne, lena n-áirítear cluichí ar líne, ar féidir leo róil agus steiréitíopaí inscne a bhuanú, chomh maith le beag is fiú a dhéanamh den fhoréigean inscnebhunaithe go háirithe i gcoinne na mban agus na gcailíní. D'fhéadfadh iompar tionchairí ar líne agus an t-inneachar a chruthaíonn siad dochar a dhéanamh freisin do dhaoine aonair, agus don tsochaí ina hiomláine. Ina theannta sin, is féidir tionchar diúltach a bheith ag cibearbhulaíocht, mífhaisnéis nó bréagaisnéis, mar shampla, agus ag comparáidí míshláintiúla le tionchairí, ar shláinte meabhrach agus fhisiciúil an lucht féachana ar líne, go háirithe mionaoisigh. Is dúshlán ríthábhachtach é freisin aghaidh a thabhairt ar dhearcthaí firinscneacha atá steiréitíopach ó thaobh inscne de agus ar iompraíochtaí díobhálacha atá míshláintiúil.

---

10 An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte: *Women's health and well-being in Europe: beyond the mortality advantage* [Sláinte agus dea-bhail na mban san Eoraip: lastall den bhuntáiste mortlaíochta], 2016.

11 An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte: Meabhairshláinte san Eoraip agus san Áise Láir: ní éiríonn chomh maith le cailíní agus a éiríonn le buachaillí. EDS Eoraip, 2023.

26. A mhéid a bhaineann le bochtaineacht, tithíocht agus dúshláin sláinte, lena n-áirítear saincheisteanna meabhairshláinte, tá staid tuismitheoirí aonair an-leochaileach.[12] Tá 7.8 milliún teaghlach aontuismitheora san Aontas agus is mná iad beagnach 80 % de thuismitheoirí aonair.[13] Téann go leor máithreacha aonair i ngleic le strus síceolaíoch mar gheall ar staid airgeadais fhorbhásach, eisiamh sóisialta nó róil shóisialta iomadúla.[14]

27. D'fhéadfadh an leochaileacht agus an brú intinne a bhíonn ar mhná le linn toirchis agus ina dhiaidh, lena n-áirítear an dúlagar imbhreithe, tionchar an-díobhálach a imirt ar a saol. Is féidir leis na dúshláin le linn na chéad 1000 lá i saol linbh dul i gcion ar shaol gach baill teaghlaigh, lena n-áirítear i dtéarmaí meabhairshláinte, agus ní mór aird a dhíriú air sin freisin. Léiríonn taighde go bhfuil tábhacht ag baint leis an líonra sóisialta nó an córas tacaíochta atá ar fáil don mháthair maidir lena meabhairshláinte agus a sláinte ghinearálta a chinneadh, chomh maith le cáilíocht an chúraim atá sí in ann a sholáthar dá naíonán; léiríonn sé sin a thábhachtaí atá seirbhísí cúraim inacmhainne, inrochtana, ardcháilíochta agus cuimsitheacha agus comhroinnt chomhionann na hoibre cúraim idir mná agus fir agus laistigh de theaghlaigh, bunaithe ar shaoire mháithreachais, saoire atharthachta agus saoire do thuismitheoirí dea-chúitithe neamhaistrithe agus ar shocruithe solúbtha oibre. Tá fianaise chomhsheasmhach ann go maolaíonn rochtain tuismitheoirí ar shaoire sholúbtha, lena n-áirítear an tréimhse iarthuismidh, an t-ualach ar mháithreacha, rud a fheabhsaíonn sláinte na máthar agus a laghdaíonn an baol dúlagair iarthuismidh. Is minic a dhéantar beag is fiú den bhreith anabaí agus de riochtaí sláinte a bhaineann go sonrach le mná, cuir i gcás an inmheatróis agus an anacair shíceolaíoch a eascraíonn as sin, agus dá bhrí sin, ní mór aird ar leith a thabhairt orthu agus bearta tacaíochta a fhorbairt lena n-aghaidh. Ar bhonn níos ginearálta, is féidir le steiréitíopaí inscne moill a chur ar dhiagnóisí leighis nó a bheith ina gcúis leis an mbeag is fiú a dhéantar go minic d'fhulaingt na mban nó leis an neamhaird a thugtar di.

---

12 An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE): *Poverty, gender and lone parents in the EU*, 2016 [Bochtaineacht, inscne agus tuismitheoirí aonair san Aontas Eorpach].

13 Ríomhanna EIGE bunaithe ar mhicreashonraí EU-SILC 2022. Áirítear leis an líon sin teaghlaigh aontuismitheora ag a bhfuil leanaí cleithiúnacha faoi bhun 24 bliana d'aois a ndearbhaítear gur leanaí dá gcuid féin/leanaí uchtaithe nó leasleanaí iad agus nach bhfuil i bhfostaíocht ná i ndífhostaíocht.

14 An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte: *Women's health and well-being in Europe: beyond the mortality advantage* [Sláinte agus dea-bhail na mban san Eoraip: lastall den bhuntáiste mortlaíochta], 2016.

28. Cumhachtaítear mná má bhíonn rochtain acu ar fhostaíocht, rud a chruthaíonn teacht aniar agus smacht ar shaol an duine, go háirithe trí neamhspleáchas agus a gcuid airgid féin a bheith acu. Dúshláin, cuir i gcás, rochtain mhíchothrom ar sheirbhísí sóisialta; fostaíocht agus/nó dul chun cinn gairme; bearnaí inscne, lena n-áirítear an bhearna phá idir na hinscní; comhroinnt mhíchothrom na bhfreagrachtaí cúraim teaghlaigh idir mná agus fir; agus brúnna agus spleáchais eacnamaíocha, cuireann siad go léir brú mór intinne ar mhná. Tá baint dhíreach ag neamhspleáchas airgeadais ban lena meabhairshláinte, mar go bhfuil baint ag spleáchas airgeadais le raon torthaí diúltacha, lena n-áirítear níos lú deiseanna dul i mbun oideachais, fostaíochta íoctha agus gníomhaíochtaí fiontraíochta. D'fhéadfadh ciapadh agus foréigean san ionad oibre dochar a dhéanamh do mheabhairshláinte ban freisin.

29. D'fhéadfadh iarmhairtí míchuibhiúla a bheith ag soláthar cúraim do chúramóirí neamhfhoirmiúla, lena n-áirítear éifeachtaí diúltacha ar a n-ioncam faoi láthair agus amach anseo agus ar a meabhairshláinte. Tá leitheadúlacht fadhbanna meabhairshláinte i measc cúramóirí, ar mná iad a bhformhór, 20 % níos airde ná ina measc siúd nach cúramóirí iad.[15] Rannchuidítear, dá bhrí sin, le comhionannas inscne a neartú agus le tacú le meabhairshláinte ban trí dhul i ngleic leis na dúshláin sin.

30. Is saincheist í meabhairshláinte íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh agus inscnebhunaithe agus an fhoréigin teaghlaigh nach mór aird ar leith a dhíriú uirthi, ós rud é go mbíonn éifeachtaí tromchúiseacha síceolaíocha fadtéarmacha ag an bhforéigean. Bíonn éifeacht dhíréireach aige ar mhná agus cailíní agus daoine atá i staideanna leochaileacha. Is iomaí cineál foréigin inscnebhunaithe atá ann, lena n-áirítear, foréigean baile, foréigean teaghlaigh, foréigean gnéasach, foréigean fisiciúil, foréigean síceolaíoch, foréigean eacnamaíoch, pósadh éigeantais, feimeamharú, ciorrú ball giniúna ban agus gáinneáil ar dhaoine, chomh maith le foréigean inscnebhunaithe arna éascú ag an teicneolaíocht. San Aontas, tá foréigean fisiciúil agus gnéasach ag páirtí nó céile reatha nó iarpháirtí nó iarchéile i gcoinne mná i measc na gcineálacha foréigin inscnebhunaithe is coitianta. Tá níos mó ná bean amháin as gach cúigear (22 %) thíos leis.[16] Mar a léiríodh sa Suirbhé ar Chearta Bunúsacha a d'fhoilsigh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA), bíonn tionchar tromchúiseach fadtéarmach síceolaíoch ag an bhforéigean gnéasach, go háirithe, ar íospartaigh, lena n-áirítear braistint imníoch, neamhchosanta, náirithe, faoi aiféaltas nó faoi dhúlagar.

---

15 An Coiste um Chosaint Shóisialta agus an Coimisiún Eorpach: *Adequate social protection for long-term care needs in an ageing society* [Cosaint shóisialta leordhóthanach do riachtanais cúraim fhadtéarmaigh i sochaí atá ag dul in aois], 2014.

16 An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne: Innéacs Comhionannas Inscne 2021: Sláinte.

31. Bunaithe ar an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal ‘An t-athrú déimeagrafach san Eoraip: bosca uirlisí le haghaidh gníomhaíochta’, ní mór don Eoraip ‘ ‘sochaí fadsaolaí’ a chruthú ina dtabharfar meas don tréimhse níos faide atá á chaitheamh sa tseanaois, ina dtugtar cumhacht do shaoránaigh scothaosta agus ina gcothófar leas agus dea-bhail na glúine seo chomh maith leis na glúnta atá le teacht.’. Sa chomhthéacs sin, ní mór aird ar leith a dhíriú ar mheabhairshláinte daoine scothaosta, go háirithe mná. Tá neamhoird mheabhairshláinte, lena n-áirítear dúlagar, imní, agus meath cognaíoch, forleathan i measc an daonra scothaosta. Ar an meán, maireann mná níos faide, ach caitheann siad níos mó blianta dá saol le meabhairshláinte níos measa. Maidir le riochtaí meabhairshláinte níos déanaí sa saol is príomhghnéithe riosca iad imeallú sóisialta agus uaigneas, a mbíonn tionchar acu ar thart ar an gceathrú cuid de dhaoine scothaosta. Príomhghnéithe riosca freisin iad drochíde ar dhaoine scothaosta, lena n-áirítear mí-úsáid fhisiciúil, shíceolaíoch, ghnéasach nó airgeadais de chineál ar bith, chomh maith le faillí.

32. De réir Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine faoi Mhíchumas, is minic a bhíonn baol níos airde ann go mbeidh mná agus cailíní faoi mhíchumas faoi réir cleachtais dhíobhálacha, rud a théann i bhfeidhm ar a sláinte agus a ndea-bhail, lena n-áirítear a meabhairshláinte.[17] Go háirithe, is minic a bhíonn baol níos mó foréigin ina gcoinne in institiúidí mar gheall ar ‘níos mó srianta maidir lena n-áit chónaithe chomh maith lena socruithe maireachtála de bharr steiréitíopáil atharthaíoch agus patrúin shóisialta phatrarcacha a dhéanann idirdhealú in aghaidh na mban’[18]. Thairis sin, mar gheall ar easpa inrochtaineachta sna timpeallachtaí tógtha agus ar líne agus easpa inrochtaineachta ar tháirgí, seirbhísí agus cumarsáid cuirtear cosc ar mhná faoi mhíchumas páirt iomlán a ghlacadh i ngach réimse den saol, as a n-eascraíonn leithlisiú agus idirdhealú, rud atá díobhálach dá meabhairshláinte freisin. Bíonn tionchar ag cuid de na dúshláin sin freisin ar mheabhairshláinte a dteaghlach agus a gcúramóirí eile.

33. Tógann an tacar conclúidí seo ar obair a rinneadh cheana agus ar ghealltanais pholaitiúla ón gComhairle, ón gCoimisiún, ó Pharlaimint na hEorpa agus ó pháirtithe leasmhara ábhartha sa réimse sin, lena n- áirítear sna doiciméid a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo.

---

17 Na Náisiúin Aontaithe , Coinbhinsiún um Chearta Daoine faoi Mhíchuma, an 24 Eanáir 2007, A/RES/61/106.

18 Coiste na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, Barúil ghinearálta Uimh. 5 maidir le hAirteagal 19, *General comment No.5 on Article 19 – the right to live independently and be included in the community*, an 27 Deireadh Fómhair 2017, CRPD/C/GC/5.

**IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT, I gCOMHRÉIR LENA gCUID INNIÚLACHTAÍ AGUS A n-IMTHOSCA NÁISIÚNTA Á gCUR SAN ÁIREAMH, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

34. A ÁIRITHIÚ go gcuirtear gné na hinscne san áireamh i mbearta chun meabhairshláinte níos fearr a chur chun cinn agus chun tacú léi agus go bhfuil siad freagrúil ó thaobh inscne de agus iad á ndearadh agus á gcur i gcrích. Ba cheart na bearta sin a bheith inrochtana agus, i gcás inar gá, dírithe ar ghrúpaí a bhféadfadh sé a bheith níos deacra dul i dteagmháil leo, nó a bhfuil dúshláin mheabhairshláinte ar leith rompu.

35. gach cineál foréigin, fuathchainte agus idirdhealaithe A CHOMHRAC, go háirithe in aghaidh na mban agus na gcailíní, lena n-áirítear cineálacha iomadúla trasnacha idirdhealaithe, chomh maith le stiogma a bhaineann le deacrachtaí meabhairshláinte, agus béim ar leith á leagan ar mhná agus orthu siúd atá sna staideanna is leochailí nó is imeallaithe, lena n-áirítear daoine atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch.

36. Steiréitíopaí inscne agus noirm dhiúltacha shóisialta, lena n-áirítear geasa, A CHOMHRAC lena gcuirtear drogall ar mhná agus ar chailíní, agus go háirithe ar fhir agus ar bhuachaillí, leochaileacht a léiriú, rud a chuireann teorainn lena gcumas tacaíocht a lorg nuair a bhíonn sí de dhíth orthu.

37. DUL i mBUN GNÍOMHAÍOCHTA, i gcás inarb iomchuí, chun dul i ngleic le steiréitíopáil inscne, chomh maith le léirithe oibiachtaithe agus gnéasaithe ban agus cailíní sna meáin agus san fhógraíocht.

38. AGHAIDH A THABHAIRT ar an nasc idir stíl mhaireachtála agus meabhairshláinte, lena n-áirítear maidir le nósanna itheacháin, gníomhaíocht coirp, tomhaltas díobhálach alcóil, tomhaltas drugaí agus substaintí díobhálacha eile, agus an chomhghalracht, agus gné na hinscne á cur san áireamh.

39. BEARTA IOMCHUÍ A DHÉANAMH, lena n-áirítear bearta coisctheacha, i gcomhréir leis an Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac agus leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, chun mná agus cailíní a chosaint ar gach cineál foréigin inscnebhunaithe, lena n-áirítear foréigean in institiúidí poiblí agus foréigean inscnebhunaithe arna éascú ag an teicneolaíocht agus seirbhísí tacaíochta saincheaptha d'íospartaigh a NEARTÚ. Sa chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach aird ar leith a dhíriú ar mhná agus ar chailíní a bhfuil neamhoird mheabhracha orthu nó atá i staideanna leochaileacha, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil dálaí neamhbhuana nó easpa dídine ag bagairt orthu. TACÚ LE hoiliúint atá freagrúil ó thaobh inscne de d'oibrithe, lena n-áirítear oibrithe deonacha i ngach earnáil ar dócha go mbeidh teagmháil acu le híospartaigh.

40. Agus urraim á tabhairt do chearta bunúsacha daoine aonair, chomh maith le luachanna coiteanna Eorpacha, BEARTA IOMCHUÍ A DHÉANAMH chun daoine óga a chosaint ar inneachar díobhálach ar líne, lena n-áirítear inneachar a ghintear leis an intleacht shaorga mar shampla domhainbhrionnuithe, arb é is cúis le diosmoirfe colainne agus drochshláinte mheabhrach agus cearta príobháideachais, cearta íomhá, dínit agus sláine gnéis na n-íospartach á sárú ag an am céanna. D'fhéadfaí a áireamh ar na bearta sin gníomhaíochtaí múscailte feasachta do leanaí, tuismitheoirí agus múinteoirí trí na hIonaid náisiúnta d'Idirlíon Níos Sábháilte agus feachtais leathana chun an tsochaí a íogrú chomh maith le próisis éifeachtacha tuairiscithe a áirithiú. TACÚ LE hoiliúint atá freagrúil ó thaobh inscne de d'fhostaithe i ngach earnáil ar dócha go mbeidh teagmháil acu leis na híospartaigh. Ina theannta sin, trédhearcacht A CHOTHÚ agus feabhas a chur ar bhailiú sonraí atá imdhealaithe de réir inscne agus. i gcás inarb iomchuí, saintréithe ábhartha eile, chun tacú le faireachán a dhéanamh ar ábhar díobhálach ar líne.

41. BEARTA IOMCHUÍ A DHÉANAMH, de bhun Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc agus an Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac, chun mionaoisigh, go háirithe cailíní, a chosaint ar inneachar neamhdhleathach agus foréigneach atá ar fáil ar líne a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dá bhforbairt coirp nó meabhrach nó a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le tráma síceolaíoch.

42. Eiseamláirí dearfacha agus ionadaíocht éagsúil sna meáin a CHUR CHUN CINN, de réir mar is iomchuí agus i gcás inarb iomchuí, agus steiréitíopaí inscne a chomhrac, chomh maith le hoibiachtú agus gnéasú ar mhná agus cailíní sna meáin agus ar líne, agus aird ar leith á tabhairt ar an ngá atá le tacú le meabhairshláinte daoine óga, go háirithe mná óga agus cailíní, agus aird ar leith á tabhairt ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir lena n-íomhá coirp. AGHAIDH A THABHAIRT ar steiréitíopaí inscne ar gach leibhéal agus i ngach cineál oideachais.

43. Tacaíocht agus cosaint shóisialta leordhóthanach A ÁIRITHIÚ do gach tuismitheoir, máithreacha aonair san áireamh, agus tuismitheoirí atá ag tógáil leanaí faoi mhíchumas, trí bhearta mar shampla seirbhísí cúraim inacmhainne, inrochtana, ardcháilíochta agus cuimsitheacha chomh maith le liúntais leanaí agus tithíochta, chun go mbeidh tuismitheoirí in ann obair a dhéanamh agus chun anás airgeadais agus a thionchar ar mheabhairshláinte na mban go háirithe a laghdú. Ina theannta sin, cothromaíocht leordhóthanach oibre is saoil A ÁIRITHIÚ, i gcomhréir leis an Treoir maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil, do thuismitheoirí, máithreacha aonair san áireamh, trí bhearta mar shampla obair sholúbtha a chur chun cinn, lena n-áirítear socruithe teilea-oibre, agus comhroinnt chothrom na bhfreagrachtaí cúraim íoctha agus gan phá idir mná agus fir agus i dteaghlaigh, lena n-áirítear trí rochtain ar shaoire atharthachta íoctha agus saoire tuismitheora neamh-inaistrithe a fheabhsú. Thairis sin, CÉIMEANNA A THABHAIRT, i gcomhréir leis na gealltanais atá ann cheana, chun feabhas a chur ar sheirbhísí cúraim fhadtéarmaigh agus ar sheirbhísí oideachais agus cúraim luath-óige atá inrochtana, inacmhainne agus ar ardchaighdeán.

44. BEARTA A DHÉANAMH chun feabhas a chur ar rochtain ar sheirbhísí tacaíochta leighis, sóisialta agus síceolaíochta do thuismitheoirí, lena n-áirítear máithreacha aonair, cúramóirí fadtéarmacha gan phá agus mná i gcásanna leochaileacha, chomh maith le rochtain ar sheirbhísí inacmhainne oideachais agus cúraim luath-óige, chun an traochadh agus deacrachtaí eile a bhaineann le hualaí iolracha a chosc agus chun dul i ngleic leo. Rochtain ísealtairsí ar thacaíocht shóisialta agus shíceolaíoch A CHUR AR FÁIL, go mór mór do mhná atá i staideanna leochaileacha, mionlaigh, grúpaí imeallaithe agus dóibh siúd atá i gcúinsí socheacnamaíocha faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear iad siúd a fhaigheann tacaíocht ó sheirbhísí cúraim fhadtéarmaigh, iad siúd a bhfuil uaigneas orthu agus imeallú sóisialta ag baint dóibh, daoine faoi mhíchumas, dídeanaithe, imircigh, príosúnaigh agus daoine atá gan dídean.

45. Soláthar seirbhísí sláinte agus sóisialta ardcháilíochta atá inacmhainne agus inrochtana agus inscnefhreagrúil a ÁIRITHIÚ, cúram pobail san áireamh, agus a áirithiú freisin, ar fud an bheartais agus an chleachtais, go mbeidh na seirbhísí sin airdeallach agus freagrúil do riachtanais éagsúla an uile dhuine, go háirithe mná agus cailíní, cibé aois iad, lena n-áirítear na mná is imeallaithe; go bhfuil a gcur chuige bunaithe ar chearta an duine, go léirítear meas ar thaithí saoil agus ról gníomhach á thabhairt d'úsáideoirí seirbhíse (agus dá mbaill teaghlaigh, dá gcúramóirí agus dá lucht tacaíochta de réir mar is iomchuí) mar cheannairí i bpleanáil agus seachadadh a gcúraim; agus go bhfuil siad trámathreoraithe.

46. BEARTA A DHÉANAMH chun urraim do chearta an duine do mhná agus do chailíní mar aon le cosaint agus comhlíonadh na gceart sin a ÁIRITHIÚ, go háirithe mná agus cailíní faoi mhíchumas, a gcumhachtú agus a ndul chun cinn a chur chun cinn, a gceart chun cinnteoireachta neamhspleáiche a áirithiú, chomh maith le dul i ngleic leis an idirdhealú agus leis na bacainní a bhíonn roimh mhná agus cailíní faoi mhíchumas maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí sóisialta agus ar thacaíocht phobail chun a neamhspleáchas a chothú.

47. BEARTA A DHÉANAMH chun deacrachtaí meabhairshláinte a chosc i measc na mban agus na gcailíní trí mheabhairshláinte dhearfach a chur chun cinn sa daonra ar fad, agus seirbhísí a chur ar fáil chun tacú le hidirghabháil luath i gcás ina dtagann deacrachtaí meabhairshláinte chun cinn, go háirithe iad siúd a bhfuil sé deacair dul i gcion orthu, atá i mbaol eisiaimh shóisialta, nó a bhaineann le grúpaí i staideanna leochaileacha.

48. BEARTA A DHÉANAMH chun feabhas a chur ar chúram leighis agus síceolaíoch tuismitheoirí, go háirithe máithreacha a bhfuil riachtanais acu le linn tréimhsí imbhreithe agus iarbhreithe, agus i gcás breith anabaí, agus forbairt líonraí tacaíochta áitiúla a chur chun cinn chun dúshláin mheabhairshláinte tuismitheoirí a bhaineann le toircheas, breith agus tuismíocht a mhaolú. Oiliúint iomchuí a EASCÚ d’oibrithe cúraim sláinte agus d’oibrithe sóisialta i ndáil leis sin. BEARTA A DHÉANAMH chun aithreacha a spreagadh le dul i mbun freagrachtaí teaghlaigh agus cúraim d’fhonn na freagrachtaí sin a roinnt go cothrom idir mná agus fir, go háirithe tráth toirchis agus breithe sa teaghlach.

49. Bearta A CHOTHÚ lena n-áirithítear imthosca a thacaíonn leis an máthair agus an leanbh i gcúram imbhreithe, agus aird ar leith á tabhairt ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil don othar agus ar shláine fhisiciúil agus mhothúchánach agus ar riachtanais na mban maidir le cúram, nósanna imeachta, idirghabhálacha, cógais agus an timpeallacht bhreithe roimh bhreith clainne, lena linn agus ina diaidh, chomh maith leis an bpáirtnéir agus/nó an duine tionlacain a áireamh.

50. TACÚ LE straitéisí coisctheacha, le straitéisí chun an tsláinte a chur chun cinn agus chun feasacht a mhúscailt maidir le haosú sláintiúil agus gníomhach, agus gné na hinscne á cur san áireamh, chomh maith le bearta gníomhacha chun an t-aosachas a chomhrac, chun litearthacht sláinte a fheabhsú agus chun meabhairshláinte daoine scothaosta, go háirithe mná scothaosta, a chosaint agus a fheabhsú, mar shampla bearta arb é is aidhm dóibh a neamhspleáchas eacnamaíoch a neartú, bearta chun an bhearna phinsin idir na hinscní a dhúnadh agus an bhochtaineacht seanaoise a laghdú, rud a mbíonn tionchar díréireach aige ar mhná, agus bearta chun tithíocht shábháilte agus inrochtana a áirithiú, agus rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán, bearta chun rochtain ar chúram a áirithiú do mhná bhfuil fadhbanna sláinte acu le linn peirea-shos míostraithe agus sos míostraithe nó saincheisteanna eile a bhaineann le haosú, chomh maith le tacaíocht shóisialta dóibh, agus dá gcúramóirí, chun imeallú sóisialta agus uaigneas a laghdú.

51. LEANÚINT de raon seirbhísí tacaíochta meabhairshláinte a thairiscint, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta síceolaíochta ísealtairsí ar líne do mhionaoisigh, i gcás inarb iomchuí.

52. FEASACHT A MHÚSCAILT maidir lena thábhachtaí atá rochtain uilíoch ar shláinte agus ar chearta gnéis agus atáirgthe mar a shainaithnítear i mír 34 den Chomhdhearcadh Eorpach Nua maidir le Forbairt (2017) agus gur gá an rochtain sin a aithint mar phríomhghnéithe chun na caighdeáin is airde is féidir a áirithiú maidir le sláinte coirp agus leis an meabhairshláinte araon.

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AGUS AR NA BALLSTÁIT, I gCOMHRÉIR LEIS NA HINNIÚLACHTAÍ ATÁ ACU FAOI SEACH, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

53. A ÁIRITHIÚ go ndéanfaidh na Ballstáit reachtaíocht an Aontais maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac, maidir le comhionannas deiseanna agus cóir chomhionann idir mná agus fir i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha, agus maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí, agus maidir le trédhearcacht pá, a thrasuí agus a chur chun feidhme go tráthúil agus i gceart, lena n-áirítear d’fhonn bochtaineacht seanaoise a chomhrac, agus béim faoi leith ann ar mhná scothaosta.

54. BEARTA A DHÉANAMH chun an tsláinte agus an tsábháilteacht ag an obair a fheabhsú, agus gné na hinscne á cur san áireamh, go háirithe trí aghaidh a thabhairt ar rioscaí meabhairshláinte agus síceasóisialta ag an obair, ag urramú ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta san am céanna. Cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú cuí agus éifeachtach na reachtaíochta náisiúnta lena dtrasuitear treoracha ábhartha an Aontais maidir leis an tsláinte agus an tsábháilteacht ag an obair A CHUR CHUN CINN sa chomhthéacs sin.

55. FEASACHT A MHUSCAILT i measc leanaí agus daoine óga, a dtuismitheoirí, a gcúramóirí agus a n-oideachasóirí, chomh maith leis an bpobal i gcoitinne, faoi chumarsáid agus comhroinnt inneachair ar líne atá measúil agus freagrach, lena n-áirítear trí thacaíocht a thabhairt d'fheachtais shonracha atá dírithe ar leanaí, d'fhonn feabhas a chur ar an gcosaint ar líne agus ar na meáin shóisialta.

56. FEASACHT A MHUSCAILT faoi na hiarmhairtí síceolaíocha agus cognaíocha do mhionaoisigh a bhaineann le hiomarca ama a chaitheamh ar scáileán fóin chliste, an ghlúin is óige san áireamh. BEARTA A DHÉANAMH bunaithe ar an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte agus LEANÚINT den obair ar fhorbairt na sraithe straitéisí chun í a chosc lena dtugtar aghaidh ar dheitéarmanaint na sláinte coirp agus meabhairshláinte a luaitear inti.

57. Bearta cur chun cinn agus coisctheacha a SPREAGADH, lena n-áirítear bearta lena dtacaítear le forbairt scileanna síceasóisialta, go háirithe scileanna na mban agus na gcailíní, mar a mhol EDS, ó aois óg, ar fud gach aoisghrúpa, agus i ngach timpeallacht.

58. BEARTA A DHÉANAMH, lena n-áirítear faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, chun ardleibhéal sábháilteachta, slándála agus príobháideachais a chur ar fáil do mhionaoisigh, go háirithe cailíní, agus ardáin ar líne á n-úsáid acu agus iad rannpháirteach sa timpeallacht dhigiteach.

59. Cothromaíocht shláintiúil oibre is saoil a CHUR CHUN CINN, mar shampla trí shocruithe solúbtha oibre, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, teilea-obair**,** agus cleachtais a chur chun cinn lenar féidir cothromaíocht éifeachtach a bhaint amach idir an obair agus am pearsanta, agus tábhacht na dea-bhaile meabhraí á cur san áireamh.

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH, I gCOMHRÉIR LENA INNIÚLACHTAÍ, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

60. LEANÚINT de ghníomhaíochtaí a CHOTHÚ chun dul i ngleic le foréigean inscnebhunaithe arna éascú ag an teicneolaíocht, lena dtugtar aghaidh ar na réimsí ábhartha a shainaithnítear sa Straitéis um Chomhionannas Inscne agus sa Straitéis Eorpach i ndáil le hIdirlíon Níos Fearr do Leanaí agus i gcur chun feidhme an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha, lena n-áirítear gníomhaíochtaí chun cibearfhoréigean, ciapadh ar líne, cibearstalcaireacht agus gnéasachas in aghaidh cailíní agus buachaillí a chosc agus a chomhrac.

61. LEANÚINT d'fhaireachán a dhéanamh ar agus tacaíocht a thabhairt do thrasuí agus cur i bhfeidhm ceart na gceanglas ábhartha faoin Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc, faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus faoin Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac, chun a áirithiú go gcosnófar mionaoisigh, go háirithe cailíní, ar inneachar neamhdhleathach agus díobhálach atá ar fáil ar líne. Go háirithe, IARRACHTAÍ A DHÉANAMH chun creat nua comhair a fhorbairt idir ardáin na meán sóisialta chun sábháilteacht na mban agus na gcailíní ar líne a chosaint, mar a fhoráiltear sa Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025.

62. Ballstáit a SPREAGADH, faoi chuimsiú an Rialacháin maidir le rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga, chun faireachán a dhéanamh ar úsáidí mí-úsáideacha na hintleachta saorga giniúnaí agus iallach a chur ar oibreoirí ar líne freagracht a ghlacadh sa réimse sin. FAIREACHÁN A DHÉANAMH go sonrach ar an oibleagáid atá ar na Ballstáit faoin Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac, foráil do bhearta chun rochtain ar ábhar neamhdhleathach agus díobhálach ar nós domhainbhrionnuithe , a sháraíonn na cearta chun príobháideachais atá ag daoine agus maidir lena n-íomhá, a sláine ghnéasach agus a ndínit, a dhíchumasú nó a bhaint, agus cosaint a áirithiú d'úsáideoirí, dá gcearta agus saoirsí bunúsacha.

63. FEASACHT A MHUSCAILT ar an tábhacht a bhaineann le tacaíocht shíceolaíoch do thuismitheoirí, go háirithe máithreacha aonair agus cúramóirí fadtéarmacha gan phá i gcúinsí socheacnamaíocha leochaileacha agus faoi mhíbhuntáiste.

64. FEASACHT GHINEARÁLTA A MHEADÚ ar neamhoird síceasóisialta agus AGHAIDH A THABHAIRT ar steiréitíopaí inscne agus dístiogmatú A CHUR CHUN CINN sa chomhthéacs sin.

65. FEASACHT A MHÚSCAILT faoi chearta trédhearcachta pá, tacú le feasacht a mhúscailt maidir le gníomhaíocht chomhchoiteann i gcúrsaí idirdhealaithe pá, agus faireachán agus forbairt a dhéanamh ar threoraíocht maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm na treorach maidir le Trédhearcacht Pá, chomh maith le cearta nua tuismitheoirí agus cúramóirí atá ag obair faoin Treoir maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil.

66. Tionscnaimh A CHUR CHUN CINN lena gcuirtear tacaíocht ar fáil chun an caighdeán is airde is féidir de shláinte coirp agus meabhairshláinte tuismitheoirí a áirithiú, go háirithe máithreacha, ar feadh an tsaoil, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht fear agus buachaillí i bhfreagrachtaí teaghlaigh agus cúraim, go háirithe le linn toirchis agus thart ar am breithe linbh. LEANÚINT d'fheabhas a chur ar litearthacht sláinte gach duine, agus cur chuige inscnefhreagrúil á ghlacadh, lena n-áirítear béim ar mhná agus ar chailíní. LEANÚINT d'fhaisnéis ardcháilíochta maidir le sláinte a scaipeadh ar gach duine, go háirithe ar chailíní agus buachaillí óga.

67. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé an tacaíocht shóisialta agus shíceolaíoch is gá a thabhairt d'íospartaigh agus do marthanóirí uile an fhoréigin ghnéasaigh agus inscnebhunaithe agus d'íospartaigh na gáinneála ar dhaoine agus tionscnaimh á gceapadh chun foréigean inscnebhunaithe agus gáinneáil ar dhaoine a chomhrac.

68. BREITHNIÚ ar thionscnaimh spriocdhírithe darb aidhm meabhairshláinte ban scothaosta a chosaint agus a fheabhsú, mar shampla, trí bhearta chun an t-uaigneas agus an t-imeallú sóisialta a chomhrac.

## Tagairtí

### 1. Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Parlaimint na hEorpa

Treoir 2004/113/CE an 13 Nollaig 2004 ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná maidir le rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus maidir le soláthar earraí agus seirbhísí.

Treoir (AE) 2019/1158 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/18/AE ón gComhairle.

Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe a leagtar síos le dlí, le rialachán nó le gníomhaíocht riaracháin sna Ballstáit agus a bhaineann le seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (An Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc), arna leasú le Treoir (AE) 2018/1808 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018.

Treoir (AE) 2024/1385 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac.

Treoir (AE) 2024/1712 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leasaítear Treoir 2011/36/AE maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus maidir lena híospartaigh a chosaint.

Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha).

*Acquis* an Aontais i réimse na sábháilteachta agus na sláinte ceirde.

## 2. Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Comhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt (9459/17)

Conclúidí ón gComhairle maidir le tacaíocht do thionchairí mar chruthaitheoirí ábhair ar líne (9301/24)

Conclúidí ón gComhairle maidir leis an meabhairshláinte agus obair fhorbhásach (13937/23)

Conclúidí ón gComhairle maidir leis an meabhairshláinte (15971/23)

Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát maidir le cur chuige cuimsitheach i ndáil le meabhairshláinte daoine óga san Aontas Eorpach (15322/23)

Moladh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige: spriocanna Barcelona do 2030 (2022/C 484/01)

Moladh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach ardchaighdeáin inacmhainne (2022/C 476/01)

Cinneadh (AE) 2024/1018 ón gComhairle an 25 Márta 2024 lena n-iarrtar ar na Ballstáit Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Foréigean agus Ciapadh, 2019 (Uimh. 190) a dhaingniú

## 3. Parlaimint na hEorpa

Rún maidir le comhionannas inscne agus cumhachtú na mban sa ré dhigiteach, 2015/2007(INI)), C 66/44, 2018.

Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa: *Mental Health in the EU, European Parliament Briefing*, 2023, [Meabhairshláinte san Aontas Eorpach, Faisnéisiú ó Pharlaimint na hEorpa], 2023https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/BRIE/2023/751416/EPRS_BRI(2023)751416_EN.pdf

Parlaimint na hEorpa, an Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha an Aontais, Brunello, S., Gay-Berthomieu, M., Smiles, B. et al., *Obstetric and gynaecological violence in the EU – Prevalence, legal frameworks and education guidelines for prevention and elimination* [Foréigean cnáimhseach agus gínéiceolaíoch san Aontas – Leitheadúlacht, creataí dlíthiúla agus treoirlínte oideachais maidir le cosc agus díothú], Parlaimint na hEorpa, 2024, https://data.europa.eu/doi/10.2861/32832

**4. An Coimisiún Eorpach**

Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte, COM (2023) 298 final

EUR-Lex - 52023DC0298 - GA- EUR-Lex

Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: *EU strategic framework on health and safety at work 2021- 2027 – Occupational safety and health in a changing world of work* [Creat Straitéiseach an Aontais Eorpaigh maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair 2021- 2027 – Sábháilteacht agus sláinte cheirde i ndomhan athraitheach oibre] COM/2021/323 final, 2021, 10291/21

*Green Paper Improving the mental health of the population: Towards a strategy on mental health for the European Union* [Páipéar Uaine: Meabhairshláinte an phobail a fheabhsú: i dtreo straitéis maidir le meabhairshláinte don Aontas Eorpach], COM(2005)484, 2005. https://ec.europa.eu/health/ph_determinants/life_style/mental/green_paper/mental_gp_en.pdf

Tacaíocht do mheabhairshláinte an lucht saothair sláinte agus oibrithe riachtanacha eile. *Opinion of the Expert Panel on effective ways of investing in Health (EXPH)* [Tacaíocht do mheabhairshláinte an lucht saothair sláinte agus oibrithe riachtanacha eile. Tuairim ón bPainéal Saineolaithe maidir le bealaí éifeachtacha chun infheistíocht a dhéanamh sa tSláinte (EXPH)], 2021. https://health.ec.europa.eu/system/files/2021-10/028_mental-health_workforce_en_0.pdf

Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: An t-athrú déimeagrafach san Eoraip: bosca uirlisí le haghaidh gníomhaíochta, COM/2023/577 final.

Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, maidir leis an straitéis Eorpach um chúram – COM/2022/440 final, 2022.

Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún:
Aontas an Chomhionannais: *Gender Equality Strategy 2020-2025* [an Straitéis Comhionannais Inscne 2020-2025] COM/2020/152 final.

An Coiste um Chosaint Shóisialta agus an Coimisiún Eorpach: *Adequate social protection for long-term care needs in an ageing society* [Cosaint shóisialta leordhóthanach do riachtanais cúraim fhadtéarmaigh i sochaí atá ag dul in aois], 2014,https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/71532344-ddf1-4d34-a7aa-f65c701a22a2

An Coimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí, Quattrocchi, P., *Obstetric violence in the European Union – Situational analysis and policy recommendations* [Foréigean cnáimhseach san Aontas Eorpach – Anailís staide agus moltaí beartais], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024,https://data.europa.eu/doi/10.2838/440301

An Coimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí, Rozée, V., Schantz, C., van der Waal, R. et al., Case studies on obstetric violence – Experience, analysis, and responses [Cás-staidéir ar an bhforéigean cnáimhseach san Aontas Eorpach – Taithí, anailís agus freagairtí], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024, https://data.europa.eu/doi/10.2838/712175

**5. Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa**

*EESC opinion on Precarious work and mental health, 2023* [Tuairim ó CESE maidir le hobair fhorbhásach agus leis an meabhairshláinte, 2023]. https://www.eesc.europa.eu/en/our-work/opinions-information-reports/opinions/precarious-work-and-mental-health.

**6. An Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha**

*Violence against women: an EU-wide survey, 2015* [Foréigean in aghaidh na mban: suirbhé ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, 2015]: https://fra.europa.eu/sites/default/files/fra_uploads/fra-2014-vaw-survey-main-results-apr14_en.pdf.

Suirbhé ar chearta bunúsacha – Taithí ar chibirchiapadh le 5 bliana anuas: https://fra.europa.eu/en/data-and-maps/2021/frs?visualisation=map&topic=3&indicator=a_har5y_cyb&answer=01.%20yes&subset=fltr_agegr5&subsetValue=01.%201629&subsetB=0&subsetBValue=0

Suirbhé ar chearta bunúsacha 2021,https://fra.europa.eu/ga/publications-and-resources/data-and-maps/2021/frs.

## 7. Eurofound

*Psychosocial risks in Europe*: *Prevalence and strategies for prevention* [Rioscaí síceasóisialta san Eoraip: Leitheadúlacht agus straitéisí maidir le cosc], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2014. https://osha.europa.eu/sites/default/files/Report%20co-branded%20EUROFOUND%20agus%20EU-OSHA.pdf

## 8. An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne

Sonraí ón Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne bunaithe ar mhicreashonraí EU-SILC 2022.

*Poverty, gender and lone parents in the EU, Review of the implementation of the Beijing Platform for Action, 2016* [Bochtaineacht, inscne agus tuismitheoirí aonair san Aontas Eorpach, Athbhreithniú ar chur chun feidhme Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising, 2016], https://eige.europa.eu/sites/default/files/documents/mh0216841enn.pdf.

*Gender equality and digitalisation in the European Union, 2019* [Comhionannas inscne agus digiteáil san Aontas Eorpach, 2019].https://eige.europa.eu/publications-resources/publications/gender-equality-and-digitalisation-european-union

*Gender equality and youth: opportunities and risks of digitalisation, Factsheet, 2019*. [Comhionannas inscne agus an óige: deiseanna agus rioscaí a bhaineann leis an digiteáil, Bileog eolais, 2019].https://eige.europa.eu/publications-resources/publications/gender-equality-and-youth-opportunities-and-risks-digitalisation-factsheet?language_content_entity=en

Innéacs Comhionannas Inscne 2021: *Health – Gender-based violence*, [Innéacs Comhionannais Inscne 2021: Sláinte – Foréigean inscnebhunaithe], https://eige.europa.eu/publications-resources/toolkits-guides/gender-equality-index-2021-report/gender-based-violence?language_content_entity=ga.

Innéacs Comhionannas Inscne 2021: Sláinte. Tuairiscítear dea-bhail mheabhrach níos boichte do mhná ná d’fhir: https://eige.europa.eu/publications-resources/toolkits-guides/gender-equality-index-2021-report/women-report-poorer-mental-well-being-men?language_content_entity=en

*Combating Cyber Violence against Women and Girls*. [An Cibearfhoréigean in aghaidh na mBan agus na gCailíní a Chomhrac], 2022.https://eige.europa.eu/publications-resources/publications/combating-cyber-violence-in aghaidh-women-and-girls

*Cyber Violence against Women and Girls: Key Terms and Concepts* [Cibearfhoréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní Príomhthéarmaí agus Príomhchoincheapa], 2022. https://eige.europa.eu/publications-resources/publications/cyber-violence-in aghaidh na mban-and-girls-key-terms-and-concepts

*Financial independence and gender equality: joining the dots between income, wealth and power* [Neamhspleáchas airgeadais agus comhionannas inscne: ioncam, rachmas agus cumhacht a thabhairt le chéile], 2024.

https://eige.europa.eu/sites/default/files/documents/financial-independence-and-gender-equality.pdf

**9. Comhairle na hEorpa**

*Report on Psycho-Social Aspects of Single-Parent Families*, [Tuarascáil ar Ghnéithe Síceasóisialta de Theaghlaigh Aontuismitheora] https://www.coe.int/t/dg3/health/Reportsingleparents_en.asp.

Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (CETS Uimh. 210)

https://www.coe.int/en/web/conventions/full-list?module=treaty-detail&treatynum=210

**10. An Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip**

*Tackling the mental health impact of the COVID-19 crisis: An integrated, whole-of-society response.* [ag dul i ngleic le tionchar meabhairshláinte ghéarchéim COVID-19: freagairt chomtháite, uile-shochaí]. *OECD Policy Responses to Coronavirus (COVID-19)* [ag dul i ngleic le tionchar meabhairshláinte ghéarchéim COVID-19], OECD Publishing, Páras, 2021, https://doi.org/10.1787/0ccafa0b-en

Recommendation of the Council on Integrated Mental Health, Skills and Work Policy, 2022, https://legalinstruments.oecd.org/public/doc/334/334.en.pdf

OSCE and EU: Health at a Glance: Europe 2022: [Sracfhéachaint ar an tsláinte: An Eoraip 2018] ESCE agus an AE: *Health at a Glance: State of Health in the EU Cycle*, 2022. https://www.oecd-ilibrary.org/social-issues-migration-health/health-at-a-glance-europe-2022_507433b0-en

**11. Na Náisiúin Aontaithe**

A Healthy Workforce for a Better World. United Nations System Mental Health and Well-being Strategy, 2018, https://unsceb.org/sites/default/files/imported_files/mental_health_well_being_strategy_final_2018_may_25th_english_0.pdf

World Population Prospect 2022: release note about major differences in total population estimates for mid-2021 between 2019 and 2022 revisions. 2022, UN DESA: https://population.un.org/wpp/Publications/Files/WPP2022_Release-Note-rev1.pdf

UN DESA: Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 3.

https://sdgs.un.org/goals/goal3.

Mary-Jo Del Vecchio Good: Women and mental health: https://www.un.org/womenwatch/daw/csw/mental.htm

**12. An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte**

*Constitution of the World Health Organization, 1946, New York*]https://apps.who.int/gb/bd/PDF/bd47/EN/constitution-en.pdf?ua=1

Thinking Healthy: A manual for psychosocial management of perinatal depression, 2015: [ag smaoineamh go sláintiúil: Lámhleabhar maidir le bainistiú síceasóisialta an dúlagair imbhreithe, 2015]https://iris.who.int/bitstream/handle/10665/152936/WHO_MSD_MER_15.1_eng.pdf?sequence=1.

Maternal mental health and child health and development in low and middle income countries, 2008. https://iris.who.int/bitstream/handle/10665/43975/9789241597142_eng.pdf?sequence=1

Women's health and well-being in Europe: beyond the mortality advantage, 2016: https://iris.who.int/bitstream/handle/10665/332324/9789289051910-eng.pdf?sequence=1

*RESPECT women – Preventing violence against women, 2019*, https://www.who.int/publications/i/item/WHO-RHR-18.19.

*A focus on adolescent mental health and well-being in Europe, central Asia and Canada. Health Behaviour in School-aged Children international report from the 2021/2022 survey*, Imleabhar 1, 2023. https://iris.who.int/bitstream/handle/10665/373201/9789289060356-eng.pdf?sequence=2

Foréigean in aghaidh na mban, 2021https://www.who.int/news-room/fact-sheets/detail/violence-against-women.

Meabhairshláinte, 2022.https://www.who.int/news-room/fact-sheets/detail/mental-health-of-older-adults

An Fhaireachlann Sláinte Domhanda. SDG Target 3.4 *Non-communicable diseases and mental health*. https://www.who.int/data/gho/data/themes/topics/sdg-target-3_4-noncommunicable-diseases-and-mental-health

*Guide for integration of perinatal mental health in motheral and child health services* 2022. https://www.who.int/publications/i/item/9789240057142

*Recommendations on maternal and newborn care for a positive postnatal experience*: : Executive summary, 2022. https://www.who.int/publications/i/item/9789240045989

Meabhairshláinte máthar: https://www.who.int/teams/mental-health-and-substance-use/promotion-prevention/maternal-mental-health.

Meabhairshláinte daoine fásta scothaosta, 2023https://www.who.int/news-room/fact-sheets/detail/mental-health-of-older-adults.

Meabhairshláinte san Eoraip agus san Áise Láir: ní éiríonn chomh maith le cailíní agus a éiríonn le buachaillí. EDS na hEorpa, 2023: https://www.who.int/europe/news/item/10-10-2023-mental-health-in-europe-and-central-asia--girls-fare-worse-than-boys

*European framework for action on mental health 2021–2025* [an creat Eorpach um ghníomhaíocht ar mheabhairshláinte 2021–2025]. Cóbanhávan, Oifig Réigiúnach EDS don Eoraip, 2022. https://iris.who.int/bitstream/handle/10665/352549/9789289057813-eng.pdf?sequence=1.

Women's Mental Health: An Evidence Based Review. [Meabharshláinte na mBan: Athbhreithniú Bunaithe ar Fhianaise]. *Mental Health Determinants and Populations, Department of Mental Health and Substance Dependence, 2000*, https://iris.who.int/bitstream/handle/10665/66539/WHO_MSD_MDP_00.1.pdf?sequence=1

Tuarascáil dhomhanda ar mheabhairshláinte: *Transforming mental health for all*, an 16 Meitheamh 2022 https://www.who.int/publications/i/item/9789240049338.

**13. An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS)**

An Coinbhinsiún maidir le Foréigean agus Ciapadh, 2019 (Uimh. 190)

Convention C190 - Violence and Harassment Convention, 2019 (No. 190) (ilo.org)

**14. Eile**

Jané-Llopis, E. - Gabilondo, A. (eagarthóirí): *Mental Health in Older People* [Meabhairshláinte i measc Daoine Scothaosta]. Páipéar comhthola. Lucsamburg, na Comhphobail Eorpacha, 2008.

https://ec.europa.eu/health/ph_determinants/life_style/mental/docs/consensus_older_en.pdf

*Make mothers matter* [Go mbeidh tábhacht le máithreacha]: *Single Mothers within the European Union, 2022*https://makemothersmatter.org/single-mothers-within-the-european-union/.

NCMEC: *Testimony* '*Addressing Real Harm Done by Deepfakes*', Márta 2024.

Petra Persson agus Maya Rossin-Slater: When Dad Can Stay Home: *Fathers' Workplace Flexibility and Maternal Health*, *NBER Working Paper No. 25902*, Bealtaine 2019, https://www.nber.org/papers/w25902.